

NA TRÍ RIBI.

19.

Duine bocht a bhí ann bhí mac aige. An oidhche ar rugadh an mac bhí sgoiláire bocht istigh agus nuair a bhí a mháthair le linn é chur ar a saoghal chuaidh sé amach agus bhreathnuigh sé ar na réalta agus dubhairt sé go raibh a léithide – seo dhe ingean Rí i ndán dhó. An tám a raibh sé ag eirigh suas ina pháisde dheas chuala an Rí gur tharla a leithéid dhe sgéul thainig sé chomh fada leis a bhfear agus dfiarruigh sé dhe a ndíolfhadh sé an páisde. Thosuigh an fear ag rádh nach ndíolfhadh. “Ó tiubhrfaidh mise neart airgid dhuit air” adeir a Rí “agus is fearr dhuit é dhíol.

Dhíol an fear é “Déan boiscín beag” adeir sé agus cuir isteach ann é agus tiubhrfhadh mé liom faoi m’eascaill é. “D’ímtigh leis agus chuir sé faoi’n eascaill é go dtáinig sé go dtí abhainn agus chaith sé amach san abhainn é. D’ímtigh sé leis a sruth go dtáinig sé chomh fada le muileann a bhí ar an abhainn. Chonnaic an muilneoir an bosca a teacht agus thóig sé é sul má ndeachaidh sé isteach sa muileann bhí an muilneoir dhá thóigeáil suas ansoin mar nach raibh aon dhuine clainne aige fhéin go raibh sé ceathair déug nú cuig déug dhe bhlianta dh’aois go raibh sé a breith suas ar a bheith ina fhear.

Chuaidh an Rí thart ansoin aríst nuair chuala sé go raibh sé ann. Adeir sé leis an muilneoir A gcuirfidh tú an fear sin chomh fada le mo theach sa teastuigheann uaim litir a chur ag mo bhean agus is fada liom fhéin a dhul ann.” Dubhairt an muilneoir go gcuirfheadh. Thug sé dhó an litir ansoin agus bhí ag imteacht leis go raibh deamhain (diúin) agus deireadh an lae a teacht gur casadh isteach i gcoill é. Bhí sé ag imteacht ar chasán a bhí dhul thríd an gcoill gur casadh isteach i gcúirt é. Nuair a tháinig sé isteach ní raibh istigh roimhe ach sean bhean. D’iarr sé lóistín uirthi. “Is olc an áit lóistín dhuit é seo,” adeir sí “teach tuairiseacha é seo”. Ach féudfhaidh tú dhul a chodladh agus bhféidir nach ndeanfaidhe aon cheó ort. Feudfhaidh tú rud a bith tá a’d a leagan ar a mbord.

Bhí an litir aige. “Leag a’ litir ar a mbord” adeir sí. Chuaidh sé a chodladh agus sgearr go dtáinig na tuairiseacha isteach. “Cé tá istigh” adeir duine acab. “Fear” adeir sí “atá dhul le litir uaidh an Rí go dtí bean a Rí. “Spáin a litir” adeir sé. D’oscail sé an litir agus leigh sé í. “Muise is olc an sgéula tá sa litir seo dhó” adeir sé “é bhruith ‘s é dhóigh ‘s é chur dhe leath – taobh. Agus sin a bheith déanta roimhe an Rí nuair a thiocfhas sé abhaile.” Níor rinne an tuairiseacach ach a dhul agus an litir a dhóghadh agus litir eile a sgríobhadh ag an mbean a ráidh mar a mbeadh an fear seo agus an ingean pósta nuair a thiochfadh sé fhéin abhaile nach raibh aon mhaith dhóibh a cainnt.

Thug an fear leis a’ litir go dtí an bhainnrioghan agus bhí sí cinnte go b’é an Rí a sgríobh í mar bhí sí deanta nús sgríobneoireacht an Rí. Nuair a tháinig a’ Rí bhí siad pósta roimhe agus bhí a’ Rí as a chiall. “Ní sin é dubhairt mise” adeir sé. “Seo í do litir” adeir a’ bhean agus ní fhéadfaidh tú rádh nach tú a gríobh í. “Sí mo litir í” adeir sé “ach arthuigheadh ar chaoi eicint

í." "Ó b'fhéidir go b'é Dia d'artuigh í" adeir an bhean. "Bhoil" adeir sé "ní bheidh sé a bhfad a'm-sa, ach ní mharbochaidh mé fhéin é. "D'ímtigh leis ansoin agus chuir sé faoi gheasa é dhul go dtí an fathach mór a raibh na trí ribe óir ina cheann agus iad a thabhairt aige. Bhual leis lá'r na bhaireach agus bhí a siubhal agus síor imteacht gur casadh isteach é i mbaile mór.

Chuaidh sé ar lóistín i dteach. D'fhiarruigh muintir a - tigh de cá raibh sé a dul d'innis sé dhóibh go raibh sé a dhul go dtí an fathach mór a raibh na trí ribeacha óir ina cheann ag iarraidh na ribeacha air. "Sílim" adeir fear a tigh leis "nach bhfuil dhuit ann ach díthceille níor lig sé sin aon dhuine ariamh uaidh. Ach má tá i ndán agus go bhfaigh tú na ribeacha agus go dtiocfadh tú slán agus go bhfaigh tú na ribeacha, tá chuile sórt fios ag an bhfathach sin agus tá tobar anseo a'm atá tirim leis an oiread seo blianta agus má fháigheann tú amach céurd tá triomughadh an tobair cuirfidh mé mála óir ar chapall a dhul abhaile dhuit. "Bhuail sé leis aríst go raibh deamhain agus deireadh an lae a teacht gur casadh isteach i dteach eile agus bhí fear na fáilte ann roimhe. Fhiarruigheadh dhe cá raibh a thríall nú a tharraingt. D'innis sé dhóibh go raibh sé faoi gheasa a dhul chomh fada leis an bhfathach mór a raibh na trí ribe óir ina cheann agus iad fhaghailt uaidh." "Bhoil" adeir fear a bhí sa teach leis "chreidim nach bhfuil ann dhuit ach mar ghaine i ngad, mar shruth i uaigaidh eas agus mar chomhaireamh réaltóga oidhche re dhorchá mar is deacair a theacht ó'n bhfathach sin. Ach má tá i ndán is go dtiocfá uaidh tá crann anseo a'm a mbíodh ubhlaí óir a fás air agus dhá bhfaighfeá amach dhom céurd tá coingbheal na nubhlaí ó fhas chuirfinn capall agus cléibh óir abhaile leat."

D'ímtigh leis lá'r na bháireach go raibh sé in gar dhá bheith ina oidhche. Casadh isteach i dteach é. Dfiarruigh fear a bhí 'sa teach dhe cá raibh sé a dhul. Dubhairt sé leis go raibh sé a dhul go dtí an fathach mór ag iarraidh na ribeacha air." Is deacair duit a dhul go dtí é sin" adeir a fear leis "mar tá an draoidheacht agus an easalugheacht aige. Tá abhainn anois idir thú fhéin agus cúirt an fhathaigh agus tá bád ar a loch a'm sa dhá dteighfhinnse anois agus mé fhéin agus tusa dhul isteach innte ní thiocfadh ceartar ainn isteach dho'n loch choidhein. Ach cuirfidh fear eile anonn thú a máireach agus má fháigheann tú do sgéul fhéin" adeir sé "tá fhios ag a bhfathach sin chuile shórt agus faigh amach uaidh ce'n fág nach bhféudfhainn theacht isteach sa mbad sin ar a loch.

D'ímtigh leis ar maidin lá'r na bháireach agus chuir fear eile treasna é. Nuair a chuaidh sé taobh anonn bhual leis go dtáinig sé isteach i dteach an fathaigh agus ní raibh istigh roimhe ach sean bhean. "Dfiarruigh sí dhe cá raibh sé dhul. "Ag iarraidh na trí ribe atá i gcloigeann an fhathaigh" adeir sé "Cé chuir ann thú" adeir sí "Rí" adeir sé "ag iarraidh thú mharbhadh bhí sé " adeir sí ach béidir go bhfaighinn uaidh dhuit iad."

D'ímtigh leithi. "Dubhairt fear liom i mbaile mór dá dtáinig mé ann dhá bhfaghainn na ribeacha tuairisg fhaghailt dhó céurd a bhí ag triomughadh an tobair air. "Geobhfhaidh mé é sin freisin duit" adeir sí. "Casadh mé ag fear eile a raibh crann ublaí óir aige agus níor fhás aon cheann air le trí bliana agus níl fhios aige ceurd tá dhá gcur an báis. "Innseóidh" mé é sin freisin dhuit" adeir sí "Casadh fear eile liom nach bhféudfadh a dhul isteach in aon bhád choidhchin nú dá dteigheadh go bhfanfadh sé ar an loch go dteo. "Beidh fhios a'm air sin freisin" adeir sí. "Caithfidh mé anois" adeir sí "seangán nú mioltóg a dheanamh dhíot mar

tá an fathach a teacht agus mise a mháthair mhór." "Dean seangán díom" adeir sé "agus beidh mé sa talamh. Rinne sí seangán de agus chuaigh sé síos i bpoll san uarlar. Tháinig an fathach isteach "Fú Fá Féasóg " adeir sé "fághaim balaith fir." "Bféidir go bhfuair tú é sul má dtáinig tú isteach" adeir sí "ach níl aon fhear anseo." Thug sí rud le nithe ansoin dhó agus chuir sí rud ar an mbeatha a chuirfeadh codhladh air. Nuair a bhí sé réidh ansoin "tá codhladh orm" adeir sé "leag do chloigeann i mo ucht" adeir sí. Is fearr dhuit neal a chodlóchus tú i mo ucht ná oidhche ar an leaba" leag sé a chloigeann ina hucht agus sgearr go raibh sé srana.

Tharraing sí ceann dhe na ribeacha as deirigh an fathach suas go bhfaigheadh sé an saoghal le marbhughadh. "Céurd tá ort" adeir sí. "Tá tú chomh donna anois leis an muinntir atá sa mbaile mór nach bhfuil aon deóir uisge acab agus an tobar tirim orrthab." "Muise tuille diabhair acab" adeir sé "dá gcartach siad an tobar agus an dragún atá thíos ar a thóin a mharbhughadh 'sgearr go mbeadh uisge acab." Chuaidh sé luiteachas aríst – thuit sé ina chodladh. Tharraing sí an darna ribe. Nior bhfiú breán (bioráin) an céud uair é. Deirigh sé an darna uair as a chiall uilig. "Ó tá tú chomh dona leis an bhfear" adeir sí " ar stop na hubhláí óir a fas ar a chrann" "o muise tuille daibhair aige sin" adeir sé "dá dteigheadh sé agus breathnughadh faoi bhun a chrainn san áit a bhfuil poll deanta isteach ann ag luch agus teach déanta aici istigh ann, agus a luch a mharbhughadh, d'fgásfadh neart ubhláí air."

Shín sé siar aríst agus thuit sé ina chodladh. Tharraing sí an tríomhadh ribe as. D'eirigh sé suas fiadháin. "Tá tú chomh dona " adeir sí "leis an bhfear nach bhféudann a dhul amach ina bhád a saorthughadh dhó fhéin." "Tuille diabhair ag a' bhfear sin" adeir sé "dá gcuirfeadh sé sin fear eicint eile amach sa mbád agus an mapa a thabhairt dhó d'fhanfadh fear sin amuigh agus bheadh sé fhéin saor." Thuit sé siar ina chodladh aríst. Nuair a fuair sí ina chodladh rinne sí fear dhein tsiongán. "Seo dhuit na ribeacha" adeir sí "agus a raibh tú fhéin ag éisteacht leis an gcainnt." "Bhíos" adeir sé. "Nuair a ghabhfhas tú abhaile anois" adeir sí "cuir an Rí chomh fada le le fear a bháid go gcuirfidh sé amach ar a loch é go gcuirfidh sé as tamharc aríst go brách é"

Shiubhail sé leis ar ais go dtáinig sé chomh fada le fear a bháid. "Ar ghnó tú" adeir fear a bháid. "Ghnothas" adeir sé. "A bhfuair tú aon tuairisc dhomsa" "fuaireas" adeir sé "An chéud fhear a thiocthas chomh fada leat cuir amach ar a loch sa mbád é agus sín aige an mapa ina láimh agus fanfaidh sé amuigh. Ach bhfuil fhios a'd céurd a dheanfas tú" adeir sé "o tharla thú dul a tabhairt ór domsa teara uait ag a gcúirt leis an ór agus abair leis an Rí go b'é an áit a bhfuair mise an t-ór taobh thall dh'en abhainn agus níl fear a bith caillte ag ór ach é agus tíoctha sé an aonfeacht leat a mbáireach ar thuairisg óir agus cuir isteach sa mbád é agus sín aige an mapa agus fanfaidh sé amuigh. "Deanfadh mise é sin" adeir a fear.

D'ímtigh leóthab agus cuireadar an t-ór isteach sa gcarr agus thiomáineadar leóthab go dtáinigedar ag a bhfear a raibh an crann ubhláí aige. "A gnó thú" adeir a fear.

"Ghnothuigheas" adeir sé agus breathnuigh thusa ar an bpoll atá sa talamh ag bun an chrainn a bhfuil luch a dhul isteach ann agus ní fhásfaidh aon ubhla air go marbhuigh tú an luch." Thug an fear sin dhá mhála óir dhó. Chuir siad isteach sa gcarr iad go dtáinig siad ina bhaile mhóir go dtí fear a tobair. "Ar ghnó tú" adeir sé. "Ghnothuigheas adeir sé. "Céurd tá

coinghbhéal an tobar tirim” adeir sé. “Glan an tobar go maith” adeir sé agus marbhuigh an dragún atá shíos ann agus beidh uisge arist go dteo a’d.” Thug sé mála eile dhóib.

Nuair a fuair sé an mála thug sé abhaile é ag athair na mná. “Cá bhfuair tú an t-ór” adeir an Rí. “Fuair mé ‘san áit a’ chuir tú gá iarraidh mé agus marach go raibh deifir orm abhaile leis an ór gheobhfainn cuid mhaith dhe. “Bhoil meas tú” adeir sé “dá dteiginnse ann a bhfaighinn é.” “Tá fhios a’m go bhfaightheá” adeir sé. “Tá fear ann ar bhruach na locha a chuirfheas anonn thar a loch thú agus nuair a ghabhfhas tú taobh anonn níl ort ach a bheith ‘ga chuir isteach i málaí. “Bhoil gabhfhaidh mise ann mar sin” adeir sé. Bhual leis agus bhí sé ag siubhal agus a siar imteacht go dtainig sé chomh fada leis an bhfear a raibh an bád aige agus dfharruigh sé de a gcuirfheadh sé anonn é. Dubhairt sé go gcuirfeadh.. Chuaigh siad chomh fada leis an mbád. Chuir sé ialach ar a Rí a dhul isteach a dtosach. Nuair a bhí sé istigh “beir isteach ar an mapa seo uaim” adeir sé. Rug sé ar an mapa uaidh agus nuair a fuair sé greim ar a mapa d’imtigh sé fhéin agus a’ mapa agus ta siad ag imteacht o choin.

24/2/32.